



## Ciapadh Ghnéasúil

### Polasaí Frith bhullaíoch do dhaoine fásta

Aithníonn Bord Bainisíochta Ghaelscoil Liatroma cearta a bhfostaithe oibriú in áit atá saor go hiomlán ó chiapadh ghnéasúil. Tá dualgas ar an mBord a chinntiú gur mar sin a bheidh amhlaidh.

Tá dualgas ar fhoireann na scoile uilig a chinntiú go bhfuil an áit oibre saor ó chiapadh ghnéasúil d'oibrithe eile agus is gá dóibh a bheith eolach ar an bpolasaí seo.

Déanfar fiosrú beacht ar aon ghearán faoi chiapadh ghnéasúil agus má fheictear go bhfuil fírinne sa ghearán d'fhéadfaí smachbhannaí a chur i bhfeidhm, ceann acu, an té atá ciontach a bhriseadh as post. Dar ndóigh déanfar chuile iarracht an gearán a réiteach go neamhfhoirmiúil ach munar féidir é seo a dhéanamh tosófar ar chleachtas foirmealta a chur i bhfeidhm.

Cinntefar rúndacht na bpáirtithe atá i gceist, chomh fada agus is féidir, fhaid 's atá an cheist á fhiosrú.

### **Céard is ciapadh ghnéasúil ann?**

Ciallaíonn ciapadh ghnéasúil aon iompar gan iarraidh de chineál ghnéasach, nó iompar de chineál eile, bunaithe ar inscne duine, a chuireann isteach ar dhínit mná agus fir ag obair. San áireamh anseo tá aon iompar gan fáilte atá fisiciúil, ó bhéal, nó gan a bheith o bhéal, iompar atá déistíneach agus iompar a chothaíonn mí shuaimhneas nó náire ar an té atá i gceist.

### Samplaí de chiapadh ghnéasúil

- Cur as do dhuine go fisiciúil nó ó bhéal.
- Geaitsí fisiciúla nó ag leagan lámh ar dhuine gan choinne.

## Polasaí Ciapadh Ghnéasúil

- Ag déanamh tagairtí ghnéasúil nó idirdhealaithe.
- Ag déanamh tagairtí faoin gcuma atá ar dhuine nach bhfuil fáilteach.
- Ag éileamh garanna ghnéasúil
- Taispeántaisí d'ábhar pornagrafaíochta.
- Innuendo de chineál ghnéasúil nó bunaithe ar inscne.
- Bullaíoch

Níl an liosta thuas uileghabhálach.

## Daoine fásta ag bullaíoch sa láthair oibre

Cad a thuigtear le bullaíoch fásta?

Tugann an Comhairle Slándála agus Sláinte le fios go gciallaíonn sé..

*"Bullying in the workplace is repeated aggression, verbal, psychological or physical, conducted by an individual or group against another person or persons. Bullying is where aggression or cruelty, viciousness, intimidation or a need to humiliate, dominate the relationships. Isolated incidents of aggressive behaviour, while to be condemned, should not be described as bullying. In the workplace environment there can be conflicts and interpersonal difficulties. Many of these are legitimate industrial relations difficulties, which should be dealt with through the appropriate industrial relations channels. Only aggressive behaviour which is systematic and on-going should be regarded as bullying"*

Mar achoimre, is féidir a rá go mbíonn riocht difriúil ar bhullaíoch fásta

- Ciapadh agus imeaglú
- Ionsaí
- Mí úsáid ó bhéal
- Náiriú
- Bonn a bhaint ó dhuine
- Mí úsáid cumhachta agus tiarnas
- Plé difriúil / míbhuntáisteach
- Duine a fhágáil amach nó a imealú

Is minic a bhíonn an iompar

- Leanúnach
- Gan iarraidh

- Cleasach
- Neamh-fhisiciúil

### **Conas gearán a dhéanamh (nós imeachta)**

Má mhothaíonn duine go bhfuil ciapadh ghnéasúil á dhéanamh orthu ba cheart dóibh iarraidh ar an té atá á dhéanamh é a stopadh.

Muna réitíonn sé seo an scéal, iarrtar ar an duine sin an ciapadh ghnéasúil a thuairisciú d'einne de na daoine seo a leanas: Príomhoide. Ionadaí C.M.É., múinteoir eile nó ball de Bhord Bainistíochta Gaelscoil Liatroma. Déanfar iarracht teacht ar réiteach go neamhfhoirmeálta, má tá sé oiriúnach. Munar féidir é seo a dhéanamh, cuirfear tús le nós imeachtaí foirmeálta chéimiúil.

- Ba chóir tuairisc scríofa a chur chuig an mBord ón té atá á chiapadh.
- Déanfar an gearán a fhiosrú chomh pras agus is féidir ag beirt ainmnithe ag an mBord (duine acu den inscne chéanna agus an té atá á chiapadh agus an duine eile den ghnéas chéanna agus an té atá ainmnithe leis an gciapadh.)
- Is féidir le duine ar bith den mbeirt, ionadaí a thabhairt leo ag aon agallamh/ cruinnithe fiosruithe. Déanfar tuairisciú ar na cruinnithe seo.
- Braithfidh an gníomh/ beartas a ghlacfar ar an gcineál ciapadh a bhí i gceist, más amhlaidh. D'fhéadfadh gur rabhadh ó bhéal, nó rabhadh scríofa a thabharfaí. D'fhéadfaí gur fionraí ó fhreagrachtaí áirithe le/gan pá nó fionraí ó dhualgaisí iomlána le nó gan pá nó fiú briseadh as post a bheadh i gceist.
- Má dhéantar leatrom ar aon fhostaí de bharr bheith páirteach i ngné ar bith den nós imeachta gearáin seo, fiú más fínné iad, déanfar plé leis an té atá ag déanamh an leatrom ag baint úsáid as an bpolasaí seo.

Ní chlárófar i gcomhad an fhostaí aon ghearán a cuireadh ina leith ach amháin sa chás go mbaintear leas as an nós imeachta atá leagtha síos thuas. Is é polasaí na scoile gur choir deileáil le gearain faoi chiapadh ghnéasúil laistigh den scoil. Bíodh sin mar atá, ní chuireann sé seo isteach ar chearta an fhostaí an ghearán a leanúint lasmuigh den scoil.

*C Nic Chonchrada*

